AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.7.2025
COM(2025) 366 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Meastóireacht ar Ghníomhaíocht an Lipéid Oidhreachta Eorpaigh 2018-2024**

{SWD(2025) 176 final}

## 1. Réamhrá

Tugadh an Lipéad Oidhreachta Eorpach isteach in 2011 mar Thionscnamh Eorpach, chun infheictheacht comhoidhreacht chultúrtha na hEorpa a mhéadú agus chun tuiscint níos fearr ar fhéiniúlacht Eorpach a chur chun cinn. Bhí sé d'aidhm ag an tionscnamh pobail éagsúla san Eoraip, go háirithe daoine óga, a nascadh le chéile trí thuiscint ar luachanna náisiúnta agus Eorpacha agus ar stair náisiúnta agus Eorpach araon a spreagadh. Ar cheann de phríomhaidhmeanna an Lipéid Oidhreachta Eorpaigh bhí neartú na féiniúlachta Eorpaí trí aird a tharraingt ar imeachtaí stairiúla comhroinnte agus luachanna cultúrtha comhroinnte. Trí láithreáin oidhreachta a bhfuil tábhacht náisiúnta agus Eorpach ag baint leo a chur i láthair, cuireadh i dtábhacht leis an tionscnamh gur trí stair náisiúnta aonair agus eispéiris choiteanna Eorpacha araon a mhúnlaítear féiniúlacht Eorpach. Bhí sé d'aidhm ag an Lipéad Oidhreachta Eorpach freisin idirphlé idirchultúrtha a chur chun cinn, rud a chothódh urraim do chultúir éagsúla agus a chruthódh ardán don chomhthuiscint. Toradh nach beag eile a bhí ar an Lipéad Oidhreachta Eorpach ná próifíl na láithreán oidhreachta a mhúnlaigh stair agus cultúr na hEorpa a ardú. Bhí coinne leis go dtiocfadh méadú ar fheiceálacht go leor de na láithreáin sin, ar láithreáin iad nach bhfuil sách aitheanta go minic i dturasóireacht chultúrtha na hEorpa, rud a chabhródh lena gcaomhnú agus a chuirfeadh chun cinn iad mar ardáin oideachais. Bhí sé d'aidhm ag an tionscnamh freisin lucht féachana níos leithne a mhealladh, rud a chuirfeadh borradh faoin mbród áitiúil, faoin turasóireacht agus faoi gheilleagair. Leis an Lipéad Oidhreachta Eorpach, díríodh ar aird daoine óga a mhealladh trí acmhainní oideachais, ceardlanna agus taispeántais nuálacha chun cuidiú leo tuiscint níos fearr a fháil ar stair agus luachanna comhroinnte na hEorpa. Ar an dóigh sin, cuireadh nasc le hoidhreacht shaibhir mhór-roinn na hEorpa ar fáil d'Eorpaigh óga.

Leis an meastóireacht ar an Lipéad Oidhreachta Eorpach, meastóireacht a bhunaítear ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus ar thaighde deisce, déantar measúnú ar dhul chun cinn an Lipéid Oidhreachta Eorpaigh le linn a dara céim (2018-2024) agus cuirtear le meastóireachtaí a rinneadh roimhe sin. Tá sé d'aidhm aici feabhas a chur ar éifeachtacht agus tionchar an tionscnaimh. I gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Rialáil Níos Fearr, scrúdaítear cúig chritéar sa mheastóireacht: éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, breisluach AE agus ábharthacht. **Cuirfidh na torthaí bonn eolais faoi thodhchaí an Lipéid Oidhreachta Eorpaigh, rud a áiritheoidh go leanfaidh sé de bheith ina uirlis chun stair agus luachanna comhroinnte na hEorpa a chaomhnú agus a léiriú, agus cuidiú a bheidh sna ceachtanna a foghlaimíodh chun an tionscnamh a bheachtú don chéad chéim eile tar éis 2025.**

**Léirítear leis an meastóireacht go bhfuil dul chun cinn mór déanta, go háirithe maidir le próifíl na láithreán a ardú agus cur lena dtábhacht Eorpach.** Tá an Lipéad Oidhreachta Eorpach comhtháite go maith le tionscnaimh oidhreachta cultúrtha eile de chuid an Aontais, d'ainneoin na ndúshlán a bhaineann le féiniúlacht Eorpach a shainiú. Leis an lipéad, neartaíodh líonraí i measc láithreáin oidhreachta, rud a chumasaíonn comhar agus malartú eolais nach bhféadfaí a bhaint amach le hiarrachtaí náisiúnta amháin. Leis an lipéad éascaíodh rochtain na láithreán ar chistiú ón Aontas freisin.

Tá an Lipéad Oidhreachta Eorpach curtha in oiriúint do thosaíochtaí an Aontais amhail an inbhuanaitheacht, an nuálaíocht dhigiteach agus an cuimsiú. Tá dul chun cinn déanta maidir le feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar chomhionannas inscne, cé nach mar an gcéanna an cur chun feidhme ó láithreán go céille. Cuirtear i dtábhacht leis an meastóireacht an gá le

treoraíocht níos soiléire agus le huirlisí praiticiúla ionas gur féidir le láithreáin an ghné Eorpach a chomhtháthú ar bhealach níos fearr. Chuir tosca seachtracha, mar shampla paindéim COVID-19, isteach ar an tionscnamh ach spreag siad an nuálaíocht freisin, go háirithe tríd an rannpháirtíocht dhigiteach.

## 2. Staid Forbartha na Gníomhaíochta

Idir 2018 agus 2024, tháinig méadú mór ar an Lipéad Oidhreachta Eorpach, agus in 2024, bhí 67 láithreán ann ar bronnadh an lipéad orthu. A bhuí leis an bhfás sin, go háirithe i Lár agus in Oirthear na hEorpa, tá an lipéad níos cuimsithí anois agus tá aird á tarraingt ar stair Eorpach níos leithne agus ar réimse níos leithne féiniúlachtaí Eorpacha. Tháinig méadú freisin ar éagsúlacht na láithreán oidhreachta aitheanta, lena n-áirítear láithreáin seandálaíochta faoi uisce mar shampla na hAsóir agus oidhreacht chultúrtha dholáimhsithe mar shampla Zdravljica, a dhéanann ionadaíocht d'Earrach Eorpach na Náisiún. Le tionscadail thrasnáisiúnta mar shampla Cisterscapes, a bhfuil roinnt tíortha páirteach iontu, léiríodh cur chuige níos idirnasctha i leith oidhreacht na hEorpa. Neartaíodh rannpháirtíocht oideachais agus for-rochtain phoiblí, agus d'fhorbair go leor láithreán cláir lena ndírítear ar théamaí amhail an daonlathas agus an éagsúlacht chultúrtha. Mar shampla, bíonn Campas Seminaarinmäki san Fhionlainn ag plé le breis agus 8 000 mac léinn gach bliain, agus d'óstáil Ventotene san Iodáil seimineáir ar an gCónaidhmeacht Eorpach. Chuir paindéim COVID-19 isteach ar imeachtaí fisiceacha ach chuir sí dlús leis an aistriú chuig uirlisí digiteacha. Dhírigh go leor láithreáin ar thurais ar líne agus ar cheardlanna fíorúla, rud a coinnigh rannpháirtíocht an phobail ar bun ach bhí dúshláin i gceist maidir leis an inrochtaineacht agus an nasc pearsanta. Le cruthú Bhiúró an Lipéid Oidhreachta Eorpaigh in 2023, cuireadh bonn foirmiúil faoi líonra na láithreán a bhfuil an Lipéad Oidhreachta Eorpach acu, agus cuireadh an comhar chun cinn, roinneadh dea-chleachtas, agus cuireadh tacaíocht ar fáil do láithreáin bheaga. Leis an struchtúr sin, cuireadh feabhas ar chumarsáid, ar fhothú acmhainneachta, agus ar fhéiniúlacht chomhroinnte i measc láithreán, agus le tionscnaimh cuir i gcás Laethanta Eorpacha na hOidhreachta, éascaíodh comhchláir oideachais agus chultúrtha.

## 3. Torthaí na Meastóireachta: Nithe ar éirigh go maith leo agus Dúshláin

Leis an meastóireacht ar an Lipéad Oidhreachta Eorpach sa tréimhse 2018-2024, tugadh léargas luachmhar ar éifeachtacht an tionscnaimh agus ar dhúshláin a bhaineann leis agus ar réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu amach anseo. Díríodh sa mheastóireacht ar phríomhchritéir mar shampla éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, breisluach AE, agus ábharthacht, agus sainaithníodh nithe ar éirigh go maith leo agus réimsí ar gá aird a thabhairt orthu chun tionchar an chláir a fheabhsú.

### *Éifeachtacht*

Tá sé léirithe go bhfuil an Lipéad Oidhreachta Eorpach éifeachtach i roinnt príomhréimsí, go háirithe maidir le próifíl Eorpach láithreán oidhreachta a ardú. Thuairiscigh os cionn 60 % de na láithreáin a ndearnadh suirbhé orthu gur tháinig méadú ar an líon cuairteoirí tar éis dóibh an lipéad a fháil, rud a spreag rannpháirtíocht níos mó ón bpobal áitiúil agus aitheantas níos leithne don tábhacht Eorpach freisin. Cuidiú a bhí sa lipéad ó thaobh an turasóireacht áitiúil a fheabhsú agus chuir sé leis an ngeilleagar áitiúil. Ina theannta sin, bhí tionchar dearfach oideachais ag an Lipéad Oidhreachta Eorpach, agus tá cláir nuálacha á gcur ar fáil ag cuid mhór láithreán lena

nasctar cuairteoirí, go háirithe an ghlúin óg, le stair agus luachanna comhroinnte na hEorpa trí cheardlanna, seimineáir, agus uirlisí digiteacha mar shampla turais fhíorúla agus cuir i láthair ilmheán. Mar sin féin, bhí dúshláin ann. Ba dhúshlán do roinnt mhaith láithreán é an coincheap 'tábhacht Eorpach' a shainiú go soiléir agus a léiriú. Bhain an dúshlán sin go háirithe le cásanna ina raibh forluí idir stair áitiúil nó réigiúnach agus stair na hEorpa i gcoitinne, rud a d'fhág go raibh sé níos deacra ar láithreáin a n-ábharthacht Eorpach a chur in iúl.

Moladh sa mheastóireacht go gcuirfeadh an Coimisiún Eorpach treoirlínte agus samplaí níos soiléire ar fáil chun cuidiú le hiarratasóirí tuiscint a fháil ar conas tábhacht Eorpach a léiriú. Moladh freisin go ndéanfadh an Coimisiún breithniú ar phróiseas roghnúcháin dhá chéim a thabhairt isteach: leis an gcéadchéim, dhíreofaí ar thábhacht Eorpach a fhíorú, agus leis an dara céim, dhíreofaí ar mheastóireacht a dhéanamh ar thograí tionscadail agus ar phleananna oibríochtúla. Leis an gcur chuige sin, dhéanfaí iarratais a chuíchóiriú agus d'áiritheofaí nach roghnófaí ach láithreáin a bhfuil naisc shoiléire Eorpacha acu.

### *Éifeachtúlacht*

Bhí éifeachtúlacht oibríochtúil an Lipéid Oidhreachta Eorpaigh ard ar an iomlán, ach cuireadh i dtábhacht leis an meastóireacht réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu chun ualaí riaracháin a laghdú. Measadh nach raibh feidhm cheart leis an bpróiseas roghnúcháin dhá chéim, lena mbaineann réamhroghnú náisiúnta agus roghnú ar leibhéal an Aontais araon, go háirithe nuair nár chomhlíon láithreáin an critéar maidir le tábhacht Eorpach. Dá ndéanfaí é sin a chuíchóiriú ina phróiseas aonchéime, chuirfí feabhas ar éifeachtúlacht trí dhúbláil a laghdú. Ina theannta sin, sainaithníodh castacht na gcúraimí riaracháin, lena n-áirítear ceanglais tuairiscithe agus faireachán ar láithreáin, mar réimse nach mór a bheachtú. Feidhmíonn an córas faireacháin níos mó mar athbhreithniú ar fheidhmíocht ná mar a fheidhmíonn sé mar mheastóireacht chuimsitheach, agus iarradh treoirlínte níos soiléire agus táscairí coiteanna le haghaidh measúnuithe láithreáin. Ina theannta sin, maidir leis na cuótaí náisiúnta i dtaobh iarratais láithreáin a chur isteach, lena gcuirtear teorainn láithreán amháin in aghaidh na bliana roghnúcháin ar gach Ballstát, cé go raibh na cuótaí sin úsáideach ar dtús, tá siad tar éis éirí sriantach agus spéis á léiriú ag níos mó tíortha sa Lipéad.

Moladh sa mheastóireacht athmheasúnú a dhéanamh ar na cuótaí sin chun freastal ar an líon méadaitheach láithreán oidhreachta a bhfuil aitheantas á lorg acu, rud a d'áiritheodh go dtiocfadh fás ar an gclár i gcomhréir lena uaillmhianta méadaitheacha.

### *Comhleanúnachas*

Is rud ar leith atá sa Lipéad Oidhreachta Eorpach laistigh de thírdhreach bheartas cultúrtha an Aontais toisc go bhfuil sé dírithe ar luach siombalach na láithreán oidhreachta agus ar an ról atá acu maidir le féiniúlacht agus aontacht Eorpach a chothú. Murab ionann agus cláir eile de chuid an Aontais mar shampla Oidhreacht Dhomhanda UNESCO nó Laethanta Eorpacha na hOidhreachta, lena ndírítear ar oidhreacht inláimhsithe nó ar chaomhnú cultúrtha, leis an Lipéad Oidhreachta Eorpach, tarraingítear aird ar thábhacht stairiúil agus shiombalach na láithreán ó thaobh comhluachanna Eorpacha a chur chun cinn. Leis an bhfócas uathúil sin, treisítear tionscadal lánpháirtíochta an Aontais agus neartaítear an insint ar aontacht na hEorpa. Mar sin féin, tá forluí ann le tionscnaimh eile de chuid an Aontais, mar shampla Bealaí Cultúrtha Chomhairle na hEorpa, arb é is aidhm dóibh freisin oidhreacht na hEorpa a chur chun cinn. Cé go ndírítear leis an Lipéad Oidhreachta Eorpach ar lánpháirtíocht Eorpach, léiríodh

leis an meastóireacht go bhfuil an baol ann go ndéanfaí ilroinnt i measc chláir chultúrtha an Aontais.

Moladh go bhféadfaí sineirgí níos láidre a fhorbairt idir an Lipéad Oidhreachta Eorpach agus gníomhaíochtaí eile de chuid an Aontais, mar shampla Erasmus+ agus an clár um an Eoraip ar son na Saoránach, chun comhar traschláir a chothú agus tionchar an lipéid a uasmhéadú. Tugadh faoi deara sa mheastóireacht freisin go bhféadfadh an Lipéad Oidhreachta Eorpach ailíniú ar bhealach níos fearr le tosaíochtaí an Aontais, an inbhuanaitheacht agus an nuálaíocht dhigiteach, cuir i gcás. De réir mar a thugann an tAontas tús áite níos mó agus níos mó do na réimsí sin, tá an deis ag an Lipéad Oidhreachta Eorpach cleachtais oidhreachta ghlasa agus inrochtaineacht dhigiteach a chur chun cinn. Tá cleachtais inbhuanaithe á nglacadh cheana féin ag láithreáin, mar shampla teicneolaíochtaí fuinneamhéifeachtúla agus tionscnaimh turasóireachta inbhuanaithe, ach ní mór na hiarrachtaí sin a chomhtháthú ar bhealach níos iomláine i gclár oibre an Aontais i gcoitinne. Moladh sa mheastóireacht freisin go ndéanfaí an Lipéad Oidhreachta Eorpach a chomhtháthú ar bhealach níos dlúithe in iarrachtaí taidhleoireachta cultúrtha an Aontais. Trí oidhreacht ilchineálach na hEorpa a thaispeáint ar fud an domhain, d'fhéadfadh an Lipéad Oidhreachta Eorpach taidhleoireacht chultúrtha an Aontais a neartú agus luachanna Eorpacha a chur chun cinn ar fud an domhain.

***Breisluach Eorpach***

Leis an Lipéad Oidhreachta Eorpach, cruthaíodh líonra uile-Eorpach de láithreáin oidhreachta a bhfuil spriocanna coiteanna acu agus a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí comhoibríocha. Le cruthú Bhiúró an Lipéid Oidhreachta Eorpaigh in 2023, neartaíodh na líonraí sin trí thacaíocht lóistíochta, airgeadais agus fógraíochta a chur ar fáil. Leis an lipéad, éascaíodh tionscadail chomhpháirteacha, taispeántais, cláir oideachais, agus tionscnaimh chultúrtha chomhroinnte ina measc, lenar cothaíodh comhpháirtíochtaí trasteorann agus malartuithe dea-chleachtas.

Breisluach tábhachtach eile is ea rochtain ar chistiú ón Aontas. Is comhartha creidiúnachta é an Lipéad Oidhreachta Eorpach, rud a fhágann go bhfuil láithreáin incháilithe do chistiú ó chláir amhail Eoraip na Cruthaitheachta, Erasmus+, agus an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna. Chuir sé sin ar a gcumas do láithreán tabhairt faoi thionscadail a bhaineann le caomhnú cultúrtha, le rannpháirtíocht na hóige, agus le hidirphlé idirchultúrtha. Mar sin féin, tugadh le fios leis an meastóireacht gur minic a bhíonn sé deacair ar láithreáin bheaga rochtain a fháil ar na cistí sin mar gheall ar nósanna imeachta iarratais casta agus acmhainneacht riaracháin theoranta. D'ainneoin an rath atá ar an Lipéad Oidhreachta Eorpach ar leibhéal an Aontais, tá a infheictheacht ar an leibhéal náisiúnta fós teoranta. Thuairiscigh roinnt láithreán nár cuireadh an Lipéad Oidhreachta Eorpach chun cinn go leormhaith i measc a bpobal áitiúil, agus nach raibh an pobal i gcoitinne ar an eolas faoi thábhacht an Lipéid. Chun aghaidh a thabhairt air sin, moladh sa mheastóireacht feachtais feasachta ar an leibhéal náisiúnta a sheoladh chun próifíl na láithreán a bhfuil an Lipéad Oidhreachta Eorpach acu a mhéadú agus chun próifíl an tionscnaimh ar an iomlán a mhéadú.

***Ábharthacht***

Tá ábharthacht an Lipéid Oidhreachta Eorpaigh fós ard, go háirithe agus tábhacht níos mó agus níos mó á cur ag an Aontas ar an inbhuanaitheacht, ar an nuálaíocht dhigiteach agus ar an gcuimsitheacht. Tá roinnt mhaith láithreáin a bhfuil an Lipéad Oidhreachta Eorpach acu tar éis an inbhuanaitheacht a chomhtháthú ina n-oibríochtaí, trí chleachtais ghlasa agus tionscadail atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a ghlacadh atá i gcomhréir le spriocanna comhshaoil an

Aontais. Le hailíniú an Lipéid Oidhreachta Eorpaigh leis an gClár Oibre Eorpach Nua le haghaidh an Chultúir, déantar treisiú breise ar a ábharthacht ó thaobh comhtháthú sóisialta, forbairt eacnamaíoch agus rannpháirtíocht dhaonlathach a chur chun cinn. Is réimse eile í an nuálaíocht dhigiteach inar léiríodh ábharthacht an Lipéid Oidhreachta Eorpaigh. Tá cuid mhór láithreán tar éis glacadh le hardáin dhigiteacha, agus tá turais fhíorúla agus acmhainní ar líne á gcur ar fáil acu chun dul i dteagmháil le pobal mór. Mar sin féin, tá éagothromaíochtaí ann maidir le cé chomh maith agus a chuir láithreáin uirlisí digiteacha chun feidhme, agus tá dúshláin níos mó roimh láithreáin bheaga. Moladh sa mheastóireacht go leanfadh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do láithreáin chun acmhainní digiteacha a fhorbairt agus chun a áirithiú go mbeidh na huirlisí sin inrochtana do gach spriocphobal, iad siúd atá faoi mhíchumas ina measc. Tá an Lipéad Oidhreachta Eorpach fós an-ábhartha ó thaobh comhtháthú agus cuimsiú sóisialta a chothú, go háirithe agus dúshláin amhail an imirce agus an t-idirdhealú romhainn san Eoraip. Láithreáin a bhfuil an cuimsiú sóisialta mar chuid dá gcláir acu, tuairiscíonn siad torthaí dearfacha ó thaobh dul i dteagmháil le grúpaí faoi ghannionadaíocht agus ó thaobh idirphlé idirchultúrtha a chothú.

Mar sin féin, tugadh faoi deara sa mheastóireacht go raibh éagsúlacht mhór i gcur chun feidhme na mbeart cuimsitheachta ar fud na láithreán, agus moladh go gcuirfeadh an Coimisiún cláir chun cinn ar fud an líonra lena ndírítear ar an gcuimsitheacht agus ar an gcomhtháthú sóisialta.

## 4. Conclúidí agus Ceachtanna a Foghlaimíodh

Leis an meastóireacht ar an Lipéad Oidhreachta Eorpach sa tréimhse 2018-2024, aithníodh nithe ar éirigh go maith leo agus dúshláin araon, rud ónar féidir ceachtanna tábhachtacha a fhoghlaim maidir le todhchaí an Lipéid. Beidh na torthaí ina dtreoir ag an Lipéad Oidhreachta Eorpach i dtreo na chéad chéime eile, agus áiritheofar, ar an dóigh sin, rath agus ábharthacht leantach an Lipéid i dtírdhreach cultúrtha agus polaitiúil atá ag athrú.

**An Critéar maidir le Tábhacht Eorpach a Neartú**: Conclúid mhór ón meastóireacht ba ea an dúshlán a bhain le 'tábhacht Eorpach' a shainiú. Cé gur tarraingíodh aird go héifeachtach leis an Lipéad Oidhreachta Eorpach ar láithreáin oidhreachta a léiríonn luachanna Eorpacha, bhí deacrachtaí ag roinnt mhaith láithreán a léiriú go soiléir conas a nascann a n-oidhreacht leis an insint Eorpach i gcoitinne. Moladh sa mheastóireacht treoraíocht níos soiléire a thabhairt d'iarratasóirí agus do chomhordaitheoirí náisiúnta, lena n-áirítear samplaí praiticiúla agus ceardlanna. Ar cheann de na príomh-mholtaí a rinneadh bhí próiseas roghnúcháin dhá chéim a thabhairt isteach: leis an gcéadchéim dhéanfaí measúnú ar thábhacht Eorpach, agus d'áiritheoifí nach rachadh ach láithreáin a bhfuil nasc soiléir Eorpach acu ar aghaidh go dtí an dara céim, ar céim í sin ina ndíreofaí ar thograí tionscadail nó ar phleananna oibríochtúla.

**Rannpháirtíocht agus Inrochtaineacht Dhigiteach a Fheabhsú**: Leagadh béim leis an meastóireacht freisin ar thábhacht mhéadaitheach na rannpháirtíochta digití, go háirithe do spriocphobail óga atá inniúil ar an teicneolaíocht. Chuir paindéim COVID-19 dlús leis an aistriú i dtreo ardáin dhigiteacha, ach bhí cur chun feidhme uirlisí digiteacha míchothrom ó láithreán go chéile. D'éirigh le roinnt láithreán eispéiris dhigiteacha ardcháilíochta a fhorbairt, ach bhí easpa acmhainní ag láithreáin eile. Iarradh sa mheastóireacht ar an gCoimisiún Eorpach tacú le hábhar digiteach cuimsitheach inrochtana a chruthú, mar shampla cláir oiliúna do bhainisteoirí láithreáin agus deiseanna cistiúcháin le haghaidh uirlisí digiteacha. Ar cheann de na príomh-mholtaí a rinneadh, moladh rochtain ar acmhainní digiteacha do gach spriocphobal a áirithiú, iad siúd atá faoi mhíchumas ina measc.

**Tacú le Láithreáin Bheaga agus an Cothromas a Áirithiú:** Toradh criticiúil eile ba ea an éagothroime idir láithreáin mhóra agus láithreáin bheaga, go háirithe i gceantair thuaithe, a

raibh dúshláin airgeadais agus riaracháin rompu go minic. Sa mheastóireacht, moladh cláir fothaithe acmhainneachta agus scéimeanna meantóireachta chun tacú le láithreáin bheaga, rud a chuideodh leo feabhas a chur ar a n-oibríochtaí agus ar a n-infheictheacht. Leis an éagothroime i ndáileadh na láithreán a bhfuil an Lipéad Oidhreachta Eorpach acu, agus níos mó láithreán ag tíortha móra, cuirtear i dtábhacht an gá le hiarrachtaí níos spriocdhírithe chun a áirithiú gur féidir le Ballstáit uile an Aontais, go háirithe iad siúd a bhfuil níos lú acmhainní acu, páirt iomlán a ghlacadh ann.

**Feabhas a chur ar Shásraí Aiseolais agus ar an bPróiseas Roghnúcháin**: Fuarthas amach leis an meastóireacht go bhfuil neamhéifeachtúlachtaí sna sásraí aiseolais atá ann faoi láthair, go háirithe i gcás iarratasóirí nár éirigh leo. Thuairiscigh cuid mhór láithreán nach bhfuair siad mórán aiseolais nó go bhfuair siad aiseolas easnamhach, rud a d'fhág go raibh sé deacair feabhas a chur ar iarratais a dhéanfaí amach anseo. Moladh sa mheastóireacht aiseolas níos mionsonraithe agus níos pearsantaithe a sholáthar chun cabhrú le láithreáin tuiscint níos fearr a fháil ar a n-easnaimh agus feabhas a chur ar a dtograí. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an próiseas roghnúcháin dhá chéim cuidiú le héifeachtúlacht agus cáilíocht an phróisis roghnúcháin a fheabhsú.

**Inbhuanaitheacht agus Fás Amach Anseo**: Cuireadh i dtábhacht leis an meastóireacht an gá atá le creat níos inbhuanaithe, de réir mar a thagann méadú ar líon na láithreán a bhfuil an Lipéad Oidhreachta Eorpach acu, chun an líonra méadaithe a bhainistiú. Measadh go raibh sé ríthábhachtach an struchtúr rialachais a shimpliú agus acmhainní leordhóthanacha a áirithiú chun go n-éireodh leis an Lipéad san fhadtéarma. D'fhéadfaí an creat dlíthiúil a choigeartú freisin chun níos mó solúbthachta a thabhairt ó thaobh láithreáin a roghnú, agus deireadh a chur leis an riail maidir le haon láthair amháin in aghaidh na tíre chun níos mó Ballstát a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa Lipéad. Moladh sa mheastóireacht freisin sásraí faireacháin níos láidre a úsáid chun tionchar fadtéarmach an tionscnaimh a rianú.

**Sineirgí le Cláir Eile de chuid an Aontais**: Sainaithníodh leis an meastóireacht deiseanna le haghaidh sineirge níos fearr le cláir eile de chuid an Aontais mar shampla Eoraip na Cruthaitheachta, Erasmus+, agus an Clár um an Eoraip ar son na Saoránach. Tríd an Lipéad Oidhreachta Eorpach a ailíniú níos dlúithe leis na tionscnaimh sin, d'fhéadfadh an Coimisiún Eorpach straitéis aontaithe a chruthú chun oidhreacht chultúrtha na hEorpa a chur chun cinn, rud a dhéanfaidh na naisc idir láithreáin oidhreachta agus tionscnaimh chultúrtha, oideachais agus shóisialta i gcoitinne a neartú ar fud an Aontais.

**Mar chonclúid,** tugann an mheastóireacht ar an Lipéad Oidhreachta Eorpach léargas ríthábhachtach ar dhul chun cinn agus acmhainneacht an chláir. Cé go bhfuil dul chun cinn mór déanta ag an Lipéad Oidhreachta Eorpach ó thaobh infheictheacht oidhreacht na hEorpa a fheabhsú agus idirphlé idirchultúrtha a chur chun cinn, tá dúshláin fós ann maidir le tábhacht Eorpach, an rannpháirtíocht dhigiteach agus an cothromas a shainiú ar fud an líonra. Is féidir leis an Lipéad Oidhreachta Eorpach leanúint de bheith rathúil agus ról lárnach a bheith aige ó thaobh comhoidhreacht agus comhluachanna na hEorpa a chaomhnú agus a chur chun cinn ach an próiseas roghnúcháin a bheachtú, uirlisí digiteacha a fheabhsú, agus tacú le láithreáin bheaga.